**RABHADH**
**NÍ MÓR duit an ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo:** ☞ [ ]

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2007

# Gnó – Ardleibhéal

**(400 marc)**

**DÉ CÉADAOIN, 13 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 a.m. go dtí 12.30 p.m.**

**NÍ MÓR d'IARRTHÓIRÍ NA CEISTEANNA SEO A FHREAGAIRT:**

**(A)** **Ocht gceist as ROINN 1**

**AGUS**

**(B)** **An Cheist ar an nGnó Feidhmeach i ROINN 2**

**AGUS**

**(C)** **Ceithre cheist as ROINN 3 mar a leanas:**
**Ceist amháin as Cuid 1,**
**Dhá cheist as Cuid 2**
**agus ceist amháin eile as Cuid 1 nó Cuid 2.**
**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

| C. | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| Iomlán | |

**Tabhair faoi deara, le do thoil, dáileadh na marcanna ar na ceisteanna.**
**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**
**Déanamh agus Sórt an áireamháin a úsáideadh:** [ ]

**NÁ DÉAN DEARMAD GUR GÁ AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR ATÁ IN ÚSÁID AGAT CHUN ROINN 2 AGUS ROINN 3 A FHREAGAIRT**

# ROINN 1
**(80 marc)**

## CEISTEANNA GEARRFHREAGRA

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt. Freagair ocht gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist. Cuir an scrúdpháipéar seo ar ais le do thoil in éineacht le do fhreagarleabhar.**

**1.** Is é atá i g**Colún 1** ná liosta de théarmaí gnó. Is é atá i g**Colún 2** ná mínithe a d'fhéadfadh a bheith ar na téarmaí seo. (*Tá míniú amháin ann nach mbaineann le haon cheann de na téarmaí.*)

| Colún 1 - Téarmaí | Colún 2 - Mínithe |
|---|---|
| **1.** Eadráin | **A.** Cosaint in aghaidh ruda a d'fhéadfadh tarlú |
| **2.** Clár gnó | **B.** Athbhreithniú ar fheidhmiú fostaí ina phost |
| **3.** Árachas saoil | **C.** Ceannaíonn fiontar amháin fiontar eile |
| **4.** Éadáil (Glacadh) | **D.** Díospóid a chur faoi bhráid duine neamhspleách lena shocrú |
| **5.** Breithmheas | **E.** Sonraí an ghnó atá le plé ag cruinniú |
| | **F.** Cosaint in aghaidh ruda a tharlóidh |

Déan an dá liosta a mheaitseáil. Cuir an litir atá leis an míniú ceart thuas faoin uimhir chuí thíos:

| 1. | 2. | 3. | 4. | 5. |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

**2.** (a) Cad dó a seasann na litreacha LLDB (SWOT)? ________________________________

________________________________________________________________________

(b) Mínigh an úsáid a bhaintear as sa ghnó: ________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

**3.** Is é is treoir AE ann ná: ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**4.** Dréachtaigh struchtúr maitríse do ghnó déantúsaíochta agus cuir lipéid air:

**5.** I gcomhthéacs dlíthiúil, ciallaíonn comaoin ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**6.** (a) Céard is bloc trádála ann? ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(b) Tabhair **dhá** shampla: (i) ______________________________________________

(ii) ______________________________________________

**7.** D'aithin Maslow, ina ord tosaíochta, 'féin-achtáil' mar riachtanas daonna.

(a) Ciallaíonn féin-achtáil ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(b) Ainmnigh **dhá** riachtanas dhaonna eile a d'aithin sé chomh maith:

(i) ______________________ (ii) ______________________

**8.** Sainaithin **dhá** pháirtí sa ghnó agus déan cur síos ar ghaolmhaireacht iomaíoch atá eatarthu:

______________________________________________

______________________________________________


______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**9.** Tá léaráid thíos a úsáidtear sa ghnó. Sa bhosca freagraí in aice na léaráide, ainmnigh an léaráid agus líon isteach na lipéid chuí do na línte a bhfuil uimhreacha leo sa léaráid:




**Bosca Freagraí**

| | |
|---|---|
| Ainm | |
| Lipéad 1 | |
| Lipéad 2 | |
| Lipéad 3 | |

**10.** (a) Ainmnigh fiontar stáit amháin sa chatagóir 'táirgeachta':

______________________________________________

(b) Mínigh **dhá** chúis a mbeadh an stát páirteach sa chatagóir seo:

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**NÁ DÉAN DEARMAD GUR GÁ AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR ATÁ IN ÚSÁID AGAT CHUN ROINN 2 AGUS ROINN 3 A FHREAGAIRT**

# ROINN 2
**(80 marc)**

**Ceist éigeantach í seo bunaithe ar na hAonaid 4, 5 agus 6.**

# Ceist ar an nGnó Feidhmeach

## Ríomhairí MacF

Bhunaigh Jason Mac Fhionnlaoich Ríomhairí MacF sa bhliain 1986. Gnólacht neamhspleách é atá ag plé go sonrach le díol agus deisiú ríomhairí. Tá an gnólacht ag feidhmiú in áitreabh a bhfuil a aghaidh ar an bpríomhshráid i mbaile mór. D'oibrigh Jason seachtain oibre rialta cúig lá sa phost a bhí aige roimhe seo mar innealtóir cáilithe agus é ag obair le cuideachta ríomhaireachta thrasnáisiúnta. Chuir an fiontar nua iallach air dul i dtaithí ar uaireanta fada neamhrialta oibre, agus déanamh le foinsí airgeadais teoranta. Chiallaigh an t-athrú freisin go raibh air athbhreithniú a dhéanamh ar an méid a bhí sé a chaitheamh ar phleananna sláinte agus saoil, agus go raibh air a theach a chur i ngeall mar urrús. Cé go raibh a scileanna foirmiúla sa leabharchoimeád teoranta, choinnigh sé sonraí maidir leis na custaiméirí go léir agus a gcuid bearta gnó.

Agus é ag freagairt do réamhaisnéisí oifigiúla a foilsíodh agus d'fhoilseacháin trádála, d'earcaigh Jason lucht díolacháin agus teicneoirí cáilithe chun freastal ar na cliaint a bhí aige agus chun raon táirgí an ghnólachta a leathnú. Spreag sé an fhoireann chun teagmháil a dhéanamh leis na custaiméirí agus an chaoi a bhfreagraíonn siad do smaointe agus do tháirgí a nótáil. Chuir sé a mhuinín san fhoireann agus rinne siadsan an chóir leis-sean. Ní raibh air ach fostaí amháin a bhriseadh de bharr gadaíochta. Tá Ríomhairí MacF suite go daingean anois. Tá dáréag fostaithe go lánaimseartha ann agus tá cúig fheithicil seirbhíse ar an mbóthar. Cuireann siad seisiúin eolais agus taispeántais ar fáil ar bhonn rialta maidir leis an táirge ina áitreabh féin d'earnálacha ionadaíocha de na custaiméirí atá acu.

Tá Siobhán, iníon Jason, a bhfuil céim sa ghnó bainte amach aici le déanaí, tar éis teacht isteach sa ghnólacht. Ba mhaith le Siobhán seirbhísí eile a chur ar fáil, dearadh agus cothabháil suímh ghréasáin, oiliúint agus comhairleacht, mar shampla. Tá sí tar éis seisiúin phlé a thionól le grúpaí custaiméirí chun díriú ar na ceisteanna sin. Dá thoradh sin tá Jason ag smaoineamh ar an ngnólacht a atheagrú agus Siobhán a fhágáil á rith ó lá go lá. D'fhanfadh cúram an pholasaí i lámha Jason agus tacaíocht aige ó líon teoranta infheisteoirí atá ag lorg luach saothair.

**(A)** Déan plé ar na modhanna taighde margaidh atá in úsáid faoi láthair sa ghnó agus conas mar a d'fhéadfaí iad a fhorbairt. (20 marc)

**(B)** Déan cur síos ar na cineálacha árachais a bheadh cuí don chomhthéacs ar a bhfuil cur síos air thuas. (30 marc)

**(C)** Déan Ríomhairí MacF a mheas mar shampla d'eagraíocht ghnó agus bíodh moltaí cuí san áireamh agat. (30 marc)

**(80 marc)**

# ROINN 3
**(240 marc)**

**Freagair ceithre cheist as Roinn 3 mar a leanas:**
**Freagair ceist amháin as Cuid 1, Dhá cheist as Cuid 2 agus ceist amháin eile as Cuid 1 nó Cuid 2. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

# Cuid 1
# Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Ghnó

## Daoine sa Ghnó

### Ceist 1

**(A)** Faoi théarmaí an Achta Caidrimh Tionscail 1990, (i) sainmhínigh díospóid trádála dhlisteanach agus (ii) mínigh an ról atá ag an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais. (20 marc)

**(B)** Déan cur síos ar fhorálacha an Achta um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980 agus déan measúnú ar a éifeacht. (30 marc)

**(C)** Is téarma é *sainchomhlíonadh* a úsáidtear i ndlí na gconarthaí. Mínigh an téarma agus cathain a d'úsáidfí é. (10 marc)

**(60 marc)**

## Timpeallacht Intíre / Idirnáisiúnta

### Ceist 2

**(A)** Déan plé ar an tábhacht a ghabhann leis na catagóirí éagsúla tionscail do gheilleagar na hÉireann faoi láthair. (20 marc)

**(B)** Ainmnigh **trí** shampla d'eagraíochtaí forbartha pobail agus déan cur síos ar na seirbhísí a chuireann **ceann amháin** díobh ar fáil. (20 marc)

**(C)** (i) Sainmhínigh cód eitice.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar na tionchair ar chostais ghnólachta a bhaineann le freastal ar a chuid dualgas eitice agus sóisialta. (20 marc)

**(60 marc)**

**Timpeallacht Intíre / Idirnáisiúnta**

**Ceist 3**

*Is geilleagar oscailte é geilleagar na hÉireann agus téann tionchair eacnamaíochta ón iasacht i gcion go mór air. Cruthaíonn na tionchair seo deiseanna agus dúshláin araon do ghnó Éireannach.*

**(A)** Déan plé ar na deiseanna a chuireann an trádáil idirnáisiúnta ar fáil do ghnó Éireannach. (25 marc)

**(B)** Mínigh an téarma 'margaíocht dhomhanda' agus an ról atá aici sa ghnó idirnáisiúnta. (25 marc)

**(C)** Bain úsáid as sampla amháin agus tabhair breac-chuntas ar an ról atá ag 'grúpaí sainleasa' san Aontas Eorpach. (10 marc)

**(60 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD GUR GÁ AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR ATÁ IN ÚSÁID AGAT CHUN ROINN 2 AGUS ROINN 3 A FHREAGAIRT**

# ROINN 3

## Cuid 2

## Fiontraíocht

**Fiontraíocht / Bainistíocht**

**Ceist 4**

**(A)** Déan cur síos ar **thrí** scil fiontraíochta nach foláir d'fhiontraí a bheith aici/aige. (15 mharc)

**(B)** Déan plé ar an tábhacht a bhaineann leis an dea-chumarsáid idir na leibhéil éagsúla in eagraíocht. (20 marc)

**(C)** Leagann an tAcht um Chosaint ar Shonraí 1988 síos na nithe seo a leanas:
(i) Cearta na nÁbhar Sonraí
(ii) Na hoibleagáidí atá ar Rialaitheoirí Sonraí
(iii) Feidhmeanna an Choimisinéara Cosanta Sonraí

Mínigh aon **dá cheann** díobh sin thuas. (25 marc)

**(60 marc)**

**Bainistíocht**

**Ceist 5**

**(A)** Déan idirdhealú idir na foirmeacha cánachais seo a leanas: *Foirm P21* agus *Foirm P60.* (20 marc)

**(B)** Ón eolas seo a leanas, ríomh an pá glan bliantúil a thugann Siún Nic Cormaic abhaile.
Is fostaí de chuid Uí Loingsigh Tta, Printéirí, í Siún Nic Cormaic agus tuilleann sí €84,000 mar ollphá bliantúil.
Lamháiltear na creidmheasanna cánach seo a leanas di: Creidmheas duine shingil de €1,760 agus creidmheas ÍMAT de €1,760. Is iad na rátaí cánach ná 20% ar an gcéad €34,000 (scoithphointe an ráta chaighdeánaigh) agus 41% ar an bhfuílleach. Is é an ráta ÁSPC (tobhach sláinte san áireamh) ná 6% ar an chéad €48,800 agus 2% ar an fhuílleach. (20 marc)

**(C)** Mínigh an téarma BLC (TQM) agus déan cur síos ar conas mar a théann sé chun sochair d'eagraíocht. (20 marc)

**(60 marc)**

**Gnó i nGníomh / Bainistíocht**

**Ceist 6**

**(A)** (i) Mínigh, agus tú ag úsáid léaráide, na céimeanna i saolré táirge.
(ii) I gcás **gach** céime, déan cur síos ar na himpleachtaí atá ann do shreabhadh airgid gnólachta.

(20 marc)

**(B)** D'ullmhaigh Balden Tta an réamhaisnéis sreabhadh airgid seo a leanas:

| **2007** | **Iúil** € | **Lúnasa** € | **M. Fómhair** € | **Iomlán** € |
|---|---|---|---|---|
| **Fáltais** | 70,000 | 55,000 | 80,000 | 205,000 |
| **Íocaíochtaí** | 80,000 | 45,000 | 55,000 | 180,000 |
| **Airgead Tirim Glan** | (10,000) | 10,000 | 25,000 | 25,000 |
| **Airgead Tirim Tosaigh** | 3,000 | (7,000) | 3,000 | 3,000 |
| **Airgead Tirim Deiridh** | (7,000) | 3,000 | 28,000 | 28,000 |

(i) Cén fáth a n-ullmhódh Balden Tta an réamhaisnéis sreabhadh airgid seo?
(ii) Cén chaoi a bhféadfadh an bhainistíocht déileáil leis an gceist airgeadais a thagann chun suntais sa réamhaisnéis seo?

(20 marc)

**(C)** Úsáidtear cóimheasa leachtachta chun cabhrú le bainistíocht a dhéanamh ar ghnó. Ainmnigh **dhá** cheann de na cóimheasa seo agus déan cur síos ar na buntáistí a bhaineann le gach ceann.

(20 marc)

**(60 marc)**

**Gnó i nGníomh**

**Ceist 7**

**(A)** Mínigh **ceithre** pholasaí praghsála ar féidir le gnóthais iad a úsáid mar chuid dá straitéis mhargaíochta féin agus cuir polasaí **amháin** acu i bhfeidhm maidir le do rogha táirge.

(30 marc)

**(B)** (i) Cad is plean margaíochta ann?
(ii) Déan measúnú ar an ról is féidir a bheith ag plean mar sin i gnó. (20 marc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar an mbrí atá leis an téarma 'margadh nideoige' agus léirigh do fhreagra le sampla. (10 marc)

**(60 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD GUR GÁ AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR ATÁ IN ÚSÁID AGAT CHUN ROINN 2 AGUS ROINN 3 A FHREAGAIRT**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán